



**Tuarascáil Bhliantúil Choiste Iniúchóireachta
an Gharda Síochána don bhliain dar críoch
31 Nollaig 2016**

Tuarascáil Bhliantúil Choiste Iniúchóireachta an Gharda Síochána
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

(Arna ullmhú i gcomhlíonadh alt 45 (1) (b) d'Acht an Gharda Síochána, 2005)

Bhunaigh Coimisinéir an Gharda Síochána an Coiste Iniúchóireachta (“an Coiste”) in 2006 i gcomhréir le halt 44 d’Acht an Gharda Síochána, 2005 (“an tAcht”). Cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Coiste reatha agus éagfaidh a shainchúram ar an 30 Aibreán. Ceapfaidh an tÚdarás Póilíneachta Coistí Iniúchóireachta amach anseo.

Bhí na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den Choiste Iniúchóireachta in 2016:

An tUasal Michael Howard (Cathaoirleach)

An tUasal James Collins

An Leas-Choimisinéir Dónal Ó Cualáin

An tUasal Pat Fitzpatrick

An Dr Cyril Sullivan

Ceapadh an Leas-Choimisinéir Dónal Ó Cualáin leis an gCoiste ag tús na bliana chun teacht in ionad an Uasail Cyril Dunne, iar-Phríomhoifigeach Riaracháin a chuaigh ar scor ón nGarda Síochána ag deireadh 2015.

Ba mhaith leis an gCoiste buíochas a ghabháil leis an nGarda Claire Haugh a ghníomhaigh mar Rúnaí leis an gCoiste in 2016.

Féadtar teacht ar bheathaisnéisí de na comhaltaí reatha ag www.garda.ie.

Níorbh fhéidir leis an gCoiste Iniúchóireachta tuarascáil bhliantúil seo 2016 a fhoilsiú faoina spriocdháta ag deireadh mhí an Mhárta 2017. Bhí dhá fhógra ardhphróifíle meán a rinne an Garda Síochána ag deireadh mhí an Mhárta 2017 mar chúis leis an moill (a bhain le fógraí pionós muirir sheasta agus le sonraí tástála anáileadáin a chur i dtairfead) nár cuireadh in iúl do Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána ná don Choiste Iniúchóireachta roimh ré. Bhí an Coiste an-bhuartha nach raibh aon chur amach in aon chor aige ar cheachtar saincheist agus ba neamhghnách nach raibh ar a chumas aon dearcadh a sholáthar maidir le himpleachtaí ceachtar saincheiste. Tá an tuarascáil foilsithe anois ach ar an mbonn nár réitíodh an dá shaincheist seo agus gur cheart don Choiste

Iniúchóireachta atá ag teacht isteach míniúcháin iomlána a lorg ó bhainistíocht an Gharda Síochána sa cheist.

Feidhmeanna agus an Chairt Iniúchóireachta

Leagtar amach feidhmeanna an Choiste in alt 45 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 agus tugtar breis míniú orthu i gCairt Iniúchóireachta mhionsonraithe a comhaontaíodh go foirmiúil idir an Coiste agus an Coimisinéir. Is féidir teacht ar chóip den Chairt seo ag www.garda.ie. Foráiltear sa Chairt go ndéanann an Coiste maoirsiú ar an bpróiseas iniúchóireachta inmheánaí; go ndéanann sé athbhreithniú agus faomhadh ar thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí; agus go gcuireann sé an Coimisinéir ar an eolas maidir lena ról mar Oifigeach Cuntasaíochta. Rinneadh an Chairt seo a leasú agus a nuashonrú in 2016.

Cruinnithe

Ceanglaítear faoi alt 45(3) den Acht go gcasann an Coiste ar a chéile ar a laghad ceithre huair in aghaidh na bliana. Chas an Coiste ar a chéile an 10 Feabhra, an 10 Márta, an 25 Bealtaine, an 12 Deireadh Fómhair agus an 30 Samhain 2016 agus d'fhreastail na comhaltaí go léir gach uair. Bhí gach ceann de na cruinnithe ar siúl ag Ceannteathrú an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath, seachas i gcás chruinniú mhí na Bealtaine a bhí ar siúl i gColáiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór. Chas an Coiste leis an Uasal Gerard Enright as Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ag an gcruinniú ar an 18 Eanáir 2017.

Cuireann an Coiste tús le gach cruinniú le seisiún príobháideach a mhaireann ar a laghad tríocha nóiméad nach bhfreastalaíonn ach comhaltaí an Choiste air. I ndiaidh an tseisiúin seo, is gnách go bhfreastalaíonn an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais agus Seirbhísí agus Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar chruinnithe an Choiste agus tugtar cuireadh d'oifigigh eile ó thráth go tráth chun freastal, d'fhonn faisnéis chothrom le dáta a sholáthar don Choiste ar ábhair ábhartha.

An Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Mar chuid dá obair chun tacú le Coimisinéir an Gharda Síochána ina cáil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Gharda Síochána, rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais. Chuir ábhair agus moltaí tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí a fuarthas i rith na bliana, ábhair agus moltaí athbhreithnithe ar

rialuithe inmheánacha a rinne Rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána agus tuarascáil leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais agus Seirbhísí faisnéis ar fáil don athbhreithniú seo.

Bainistíocht Maoine agus Fianaise

I dtuarascáil na bliana seo caite, thug an Coiste faoi deara, ach go háirithe, an líon saincheisteanna ar ghá dul i ngleic leo i limistéar na Bainistíochta Maoine agus Fianaise, ach thug na pleananna a chuir an Oifig um Thrasfhoirmiú Straitéiseach i bhfeidhm spreagadh chun na saincheisteanna seo a réiteach. Leag iniúchtaí faoinar tugadh in 2016 agus athbhreithnithe ar iniúchtaí a tugadh chun críche i mbliana ní ba luaithe an bhéim air gur tháinig laghdú ar an líon saincheisteanna tromchúiseacha nár réitíodh a bhaineann le Bainistíocht Maoine agus Fianaise (drugaí san áireamh) anuas ó 23 saincheist ag deireadh 2015 go dtí 15 shaincheist ag deireadh 2016. I rith 2016, tugadh tús áite do shaincheist na Bainistíochta Maoine laistigh den Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana, glacadh leis an gcur chuige trí chéim seo a leanas chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a thug Rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána chun solais;

- i. Glacadh le Córas Bainistíochta Foilseán agus Maoine (PEMS) caighdeánaithe i measc na Ranna go léir le córas caighdeánaithe ríomhaire a rinneadh a chomhtháthú isteach i gCóras Faisnéise an Gharda Síochána (GardaIS). – Baineadh seo amach i rith 2016.
- ii. Taifid an PEMS a chomhtháthú laistigh de Chóras PULSE. – Tá forbairt na mbogearraí chun na córais PEMS a chomhtháthú laistigh de PULSE le barrachódú chun gach earra a chlárú i ndiaidh ardchéim a bhaint amach. Rinne an Oifig um Thrasfhoirmiú Straitéiseach cur i láthair don Choiste Iniúcháireachta in Eanáir 2017 inar gheall siad go mbeidh an córas seo i bhfeidhm (réidh lena thabhairt isteach go hoibríochtúil) i ráithe a dó in 2017.
- iii. Áiseanna leorga stórála a sholáthar agus Beartas Straitéise agus PEMS a fhorbairt. Glacfaidh seo roinnt blianta lena thabhairt chun críche d'fhonn go mbeidh áiseanna leorga stórála ar fáil i ngach Roinn.

Ábhar spreagtha don Choiste is ea an cur chuige atá á ghlacadh chun na saincheisteanna seo a réiteach; i dteannta an dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo agus an gealltanais chun an ceangal bogearraí a theastaíonn a bheith againn le PULSE faoi dheireadh an 2ra Ráithe in 2017. Measann an Coiste gurb í an tsaincheist ríthábhachtach maidir le

bainistíocht cheart a dhéanamh ar mhaoine agus fianaise ná an ceangal le PULSE d'fhonn gur féidir gach earra maoine bheith bainteach le teagmhas PULSE, a bheith rianaithe agus a bheith bainistithe laistigh den Chreat um Chuntasacht Feidhmíochta (PAF). Tá an Coiste aireach, chomh maith, go mbraithfidh cur i bhfeidhm rathúil an PEMS nua ar chleachtais nua chaighdeánaithe oibre a thabhairt isteach ar fud na heagraíochta.

Coláiste an Gharda Síochána

I rith 2016, cuireadh an Coiste Iniúchóireachta ar an eolas ar easnamh a d'fhéadfadh bheith tromchúiseach sa timpeallacht rialaithe airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána. Leagadh an dualgas ar GIAS chun tabhairt faoi iniúchadh an Choláiste. Sa chás sin, níor sholáthair an t-iniúchadh ar na Rialuithe Airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána dearbhú go gcomhlíonann na rialuithe airgeadais na Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblíⁱ nó Cód Airgeadais an Gharda Síochána, agus ní fhéadfadh sé ach dearbhú teoranta a sholáthar go gcomhlíonann na rialuithe airgeadais an Reachtaíocht um Sholáthar Poiblíⁱⁱ. I measc rudaí eile, dheimhnigh an tuarascáil iniúchta go raibh na struchtúir rialachais lag agus gur úsáid na córais riaracháin cuntais iolracha bhainc ar bhealach a theip ar idirdhealú leordhóthanach a dhéanamh idir cistí poiblí agus ioncam ó fhoinsí eile. Ar an gcuma chéanna, tá an chuma air go raibh comhlíonadh Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí maidir le caiteachas, caiteachas caipitil ina measc, lag agus d'eascair cás trí chéile as a bhain le húinéireacht maoine agus le cistí neamhchaite a choimeád i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais.

Tá an dealramh air go bhfuil an córas riaracháin seo á oibriú ar feadh tamall an-fhada agus bhí sé ann sular ceapadh Coimisinéir an Gharda Síochána mar oifigeach cuntasáíochta. Dheimhnigh an t-iniúchadh, chomh maith, áfach, go bhfuil an dealramh air go raibh cur amach ar na saincheisteanna seo san am atá imithe thart ar leibhéal bainistíochta sinsearaí an Gharda Síochána ach níor cuireadh buarthaí in iúl do Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána nó do Choiste Iniúchóireachta an Gharda Síochána an tráth sin ná níor cuireadh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar an eolas ach chomh beag. Níl an chuma air gur cuireadh moltaí i gcrích a rinneadh i dtuarascáil a scríobh an Stiúrtóireacht Airgeadais in 2008 agus a d'fhormhuinigh Coimisinéir an Gharda Síochána an tráth sin.

Caitheann an Coiste leis seo mar cheist thromchúiseach agus fáiltíonn sé roimh an gcaoi go ndearnadh acmhainní a chur i ngníomh chun na fadhbanna a réiteach a tugadh chun solais. Molann an Coiste gur cheart tús áite a thabhairt dó seo i measc na bainistíochta go dtí go réitítear gach ceist nár réitíodh go fóill.

Imlonnú Acmhainní Daonna

Le trí bliana anuas, dhírigh obair an Choiste Iniúcháireachta ar limistéir shonracha bhuartha, ar nós PEMS, barántas/toghairmeacha agus ceisteanna comhlíonta ar leith, ar nós na saincheisteanna i gColáiste an Gharda Síochána ónar theastaigh aird nach beag i rith 2016. Tá an Coiste airdeallach, áfach, de réir mar a dhéantar na saincheisteanna seo a réiteach, ba cheart don fheidhm Iniúcháireachta dul i ngleic, chomh maith, le saincheisteanna níos fair-singe cáilíochtúla, luach ar airgead agus éifeachtacht ina measc.

Mar shampla, baineann thart ar 90% de Vóta iomlán an Gharda Síochána le “costais foirne” i bhfoirm amháin nó i bhfoirm eile (e.g. pá bunúsach, ragobair, liúntais agus pinsin). Anuas ar nósanna riaracháin a chomhlíonadh, tá sé tábhachtach go ndéantar an caiteachas seo a bhainistiú go héifeachtach agus gurb ionann agus luach ar airgead é. Leagadh an bhéim air sa Phlean Póilíneachta, agus i moltaí ó Thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána (Samhain 2015)ⁱⁱⁱ araon an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go sanntar an líon uasta Gardaí do dhualgais phóilíneachta ard-infheictheachta a bhfuil “*teagmháil dhíreach acu leis an bpobal*”, ina dtugann Státseirbhísigh faoi róil riaracháin a mhéid agus is féidir le ligean do chomhaltaí Garda tabhairt faoi na róil phóilíneachta ard-infheictheachta seo.

Soláthraíonn an clár iniúchtaí inmheánacha deis thábhachtach chun athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe riaracháin atá i bhfeidhm i Ranna an Gharda Síochána agus molann an Coiste go mb’fhéidir go smaoinoidh a chomharba ar an deis seo a thapú. Mar shampla, i rith 2016, tháinig tuarascálacha iniúchta inmheánaigh ar leibhéal roinne ar roinnt deiseanna féideartha le haghaidh sibhialtachú. Le roinnt seachtainí anuas, scaipeadh Suirbhé ar Imlonnú Eagraíochtúil chun poist a shainaitheint le haghaidh sibhialtachú agus imlonnú comhaltaí Garda chuig róil phóilíneachta.

Measúnú Riosca

Tugadh teipeanna ar an mBainistíocht Riosca a bhí i bhfeidhm i rith 2016 chun solais in Iniúchadh ar an gCreat Bainistíochta Riosca agus ar Iniúchadh a rinneadh ar Choláiste an Gharda Síochána.

Dheimhnigh an tIniúchadh a rinneadh ar an gCreat Bainistíochta Riosca a chuir Tuarascáil Thorthaí na Rioscaí, Tuarascáil Chigireachta agus Tuarascáil Athbhreithnithe agus Iniúchtaí Inmheánacha ó thrí Roinn/ón Aonad Gnó i gcomparáid lena chéile an méid seo a leanas;

1. Tá an creat agus an trealamh um thoradh rioscaí ró-dhoiléir maidir le *bainistíocht cuntas agus buiséad* le bheith éifeachtach. Díríonn sé ar chloí le teorainneacha buiséid gan breithniú a dhéanamh ar cé acu an raibh an caiteachas dlíthiúil, rialta, éifeachtach agus cé acu arbh ionann nó nárbh ionann agus luach ar airgead é.
2. I dtromlach na gcásanna a tástáladh, tá neamh-chomhsheasmhacht ann idir Thorthaí na Rioscaí, na Cigireachtaí ar an mBainistíocht Áitiúil agus na Tuarascálacha Iniúcháireachta Inmheánaí.
3. Is íseal don ráta comhlíonta do na Cigireachtaí agus na hAthbhreithnithe (Treoir ón gCeannteathrú 59/14). Is léir, áfach, sna Tuarascálacha Cigireachta mar chuid den iniúchadh seo, go ndearnadh machnamh suntasach ar na freagairtí ag Oifigigh Cheantair agus Roinne Áitiúla agus comhcheanglaíodh seo isteach sa phlé agus sna gníomhartha laistigh de chruinnithe PAF.
4. Cé go bhfuil an ráta comhlíonta do Thorthaí na Rioscaí beagán níos fearr ná na Cigireachtaí agus na hAthbhreithnithe, tá fianaise ann a d'eascair as an neamh-chomhsheasmhacht a luadh in 2 thuas, go bhféadfadh nach bhfuil roinnt freagairtí bunaithe ar mhéid dhóthanach de mhachnamh agus go bhfuil an baol ann go bhféadfadh go ndéanfar cleachtadh "*tic a chur le boscaí*" de. Tá fianaise ann i dtaobh neamh-chomhsheasmhachta idir na scarbhileoga éagsúla laistigh den Bhileog Oibre um Thorthaí na Rioscaí. Deimhníodh i ngach ceann de na Ranna/Rannóga a tástáladh nár thit Thorthaí na Rioscaí amach i gcomhthráth le thorthaí na dTuarascálacha Iniúcháireachta Inmheánaí agus na dTuarascálacha Cigireachta. Rinne Thorthaí na Rioscaí na saincheisteanna a sainathníodh mar riosca íseal a scóráil go seasmhach agus chatagóirigh na Tuarascálacha Iniúcháireachta

Inmheánaí agus na Tuarascálacha Cigireachta a mhacasamhail de rioscaí mar riosca idir meánriosca agus ardriosca. Is léir ó Thorthaí na Rioscaí a scrúdaíodh mar chuid den iniúcháireacht seo gurb ann d'easpa tuisceana maidir leis na Próisis Bhainistíochta Riosca agus nach ndéantar na measúnuithe riosca a chomhtháthú i gceart laistigh de PAF.

5. Ní chuirtear rioscaí in iúl ar bhealach tráthúil agus ní nuashonraítear an Clár Rioscaí Corparáideacha tapa a dhóthain. Níor cuireadh Uirlis TFC i bhfeidhm chun na freagairtí riosca a thabhairt le chéile isteach i gClár Rioscaí Corparáideacha. Tá a leithéid de chóras ar fáil don Gharda Síochána saor in aisce ó Ghníomhaireachtaí Stáit eile. Mhol an GIAS in 2012 go ndéanann an Oifig Bainistíochta Riosca idirchaidreamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun an córas seo a chur i bhfeidhm laistigh den Gharda Síochána. Go dtí seo, ní dhearna seo dul chun cinn.

Anuas air sin, dheimhnigh an tIniúchadh ar Rialuithe Airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána nár cuireadh rioscaí suntasacha a shainithin an Stiúrtóireacht Airgeadais in 2008 san áireamh sna cláir rioscaí ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal stiúrtóireachta nó sa Chlár Rioscaí Corparáideacha.

Tugadh faisnéis don Choiste maidir le Nósanna Imeachta Bainistíochta Riosca nua a cuireadh i bhfeidhm ó thús 2017 ar aghaidh agus d'iarr an Coiste go ndéantar iniúchadh orthu seo.

Rinneadh cur i láthair, chomh maith leis sin, leis an gCoiste maidir le Creat Rialachais Chorparáidigh nua laistigh den Gharda Síochána agus den Státseirbhís níos fairsinge.

Ró-Íocaíochtaí Tuarastail agus Pinsin a Fhorchúiteamh

Taispeántar san fhaisnéis a sholáthair Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine an Gharda Síochána gurbh ionann iarmhéideanna nár íocadh go fóill maidir le ró-íocaíochtaí Tuarastail agus Pinsean an 30 Meitheamh 2016 agus €1,906,218, ar méadú €376,238 (nó 25%) é seo ar an iarmhéid ag deireadh Mheán Fómhair 2015. Is é an méadú iomlán atá tagtha ar an bhfigiúr seo ón 31 Márta 2013 go dtí an 30 Meitheamh 2016 €1,290,000, nó méadú 210%. Is é an chúis a shíltear atá leo seo ná mionscrúdú méadaithe óna n-eascraíonn go n-

aimsítear níos mó cásanna. Bhí pleananna aisíoctha i bhfeidhm le haghaidh 36% de na cásanna ró-íocaíochtaí ag deireadh 2016.

Tá an Coiste buartha gur cheart acmhainní daonna leordhóthanacha a sholáthair don Aonad Aisghabhála. Ábhar díomá go bhfuil an dealramh air go ndearnadh an tAonad Aisghabhála, a bunaíodh mar thoradh ar an iniúchadh a rinneadh roimhe seo, a thabhairt chun críche. Sannadh comhalta foirne leathama ar leibhéal Ardoifigeach Feidhmiúcháin don tasc seo le déanaí agus tá sé ríthábhachtach gur cheart líon leordhóthanach foirne (trí choibhéis lánaimseartha, b'fhéidir) a shannadh don Aonad seo ar bhonn buan go dtí go mbaintear dul chun cinn leordhóthanach amach.

Is dóchúil go dteastóidh díscríobh do roinnt den fhiachas seo ach ba cheart gach dícheall a dhéanamh chun a mhéid den iarmhéid seo nár íocadh go fóill a aisghabháil agus is féidir. Dheimhnigh Iniúcháireacht Inmheánach go ndearnadh ró-íocaíochtaí ar cheithre phríomhchúis, ina measc;

1. bíonn fógraí déanacha maidir le básanna agus pinsin a íoc roimh ré mar chúis le ró-íocaíochtaí a dhéanamh sa limistéar seo
2. fógraí déanacha maidir le himeachtaí coigeartaithe párolla, ar nós saoire neamhíoctha, saoire bhreiteachta agus rátaí pá
3. Pointí míchearta scála
4. Sochar Leasa Shóisialaigh a choimeád. Tagraíonn seo do chomhaltaí a shocraigh gur íocadh íocaíochtaí leasa shóisialaigh go díreach leo féin nuair ba cheart iad a íoc leis an nGarda Síochána.

Comhoibriú leis an Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána

Aithníonn an Coiste go bhfuil forluí ann maidir le freagrachtaí agus ról idir Rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána (GIAS) agus an tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (GPSU). Bíonn baint ag an dá aonad in iniúchadh agus scrúdú a dhéanamh ar na córais agus na próisis sa Gharda Síochána agus soláthraíonn GIAS seirbhís oibiachtúil dearbhaithe agus chomhairleoireachta atá in ainm is luach a chur le hoibríochtaí na heagraíochta agus iad a fheabhsú. Soláthraíonn an GIAS, feidhm laistigh de thimpeallacht fhoriomlán rialachas agus rialaithe an Gharda Síochána dearbhú réasúnta go ndéantar rioscaí suntasacha a shainiú agus a rialú go héifeachtach ar fud na heagraíochta. Déanann an GPSU, ar an taobh eile den phingin, scrúdú agus athbhreithniú ar fheidhmíocht oibríochtúil, riaracháin agus bainistíochta. Tá sé

mar fheidhm an RIIGS agus an ACGGS chun moltaí a dhéanamh agus chun bearta a bheartú chun feabhas a chur ar rialuithe agus chun feidhmíocht a fheabhsú. D'fhorbair an dá aonad iniúlachtaí ina limistéir iniúchta agus scrúdaithe faoi seach. Is minic a tharlaíonn seo, go háirithe in iniúchtaí níos casta, ina ndéanann an dá aonad comhoibriú ar obair iniúcháireachta. I rith 2016, rinne an GIAS agus an GPSU Comh-Athbhreithniú Iniúcháireachta ar an bhFoireann Athbhreithnithe Tromchoireanna (an SCRT). Aithnítear sa tuarascáil athbhreithnithe seo go ndearnadh feabhsúcháin shubstainteacha in SCRT ó rinneadh an t-iniúchadh bunúil agus ní shainithnítear aon easnaimh shuntasacha ná rioscaí eagraíochtúla. Dheimhnigh an Comh-Athbhreithniú an méid seo a leanas:

- Chuaigh an bhainistíocht áitiúil i ngleic le moltaí sonracha a shonraítear i bPlean Feabhais an SCRT
- Tá feabhas tagtha ar chomhlíonadh Rialacháin, Chóid agus Threoracha an Gharda Síochána
- Treisíodh na rialuithe a bhí i bhfeidhm san SCRT chun cosc a chur ar aimhrialtachtaí agus léirigh siad maoirsiú agus bainistíocht fhoriomlán fheabhsaithe.
- Ní raibh ach riosca teoranta ann i leith Vóta an Gharda Síochána.
- Nuair a chuirtear cineál speisialaithe an SCRT san áireamh, ba é an chomhéifeacht ná riosca laghdaithe foriomlán i leith cháil an Gharda Síochána.

Lean dhá aonad leis an obair ar iniúchadh a dhéanamh ar na hOibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta (tugadh Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta orthu roimhe seo) a chuimsíonn iniúchtaí a dhéanamh ar an méid seo a leanas –

- I. Oifig Réigiúnach an SCO,
- II. Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíochta,
- III. Biúró um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe an Gharda Síochána,
- IV. Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána, agus
- V. Biúró Teicniúil an Gharda Síochána.

Tugadh na hiniúchtaí seo chun críche agus tá siad ar feitheamh freagairtí.

Próiseáil Pionós Muirir Sheasta

Lean Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána le hiniúchadh a dhéanamh ar riar Pionóis Muirir Sheasta i rith 2016. Deimhníodh go raibh ag éirí go maith leis an riar foriomlán, faoi réir roinnt bheag saincheisteanna sonracha a réiteach. I gcaitheamh na n-iniúchtaí seo, níor cuireadh aon chinn de na deacrachtaí dlíthiúla a d'eascair lasmuigh den chóras riaracháin ar shúile na n-iniúcháirí.

Mar gheall go raibh an tuarascáil bhliantúil seo á tabhairt chun críche, áfach, rinne an Garda Síochána fógra poiblí go mbeidh orthu éirí as thart ar 14,500 ciontú mar gheall ar fhadhb dhlíthiúil maidir le hionchúiseamh cionta a thagann faoi chuimsiú shainchúram an chórais Phionóis Muirir Sheasta. Roimh an bhfógra poiblí seo, agus in ainneoin an róil shonraigh a sannadh do Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána maidir leis an gcóras Pionós Muirir Sheasta, ní raibh an Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí ná an Coiste Iniúchóireachta ar an eolas gur aimsigh an bhainistíocht fadhb dhlíthiúil i gcaitheamh 2016 nó gur chuir an eagraíocht acmhainní suntasacha ar leataobh i dtreo a scóip a dheimhniú agus réiteach a cheapadh agus a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

B'aisteach nach raibh Coiste Iniúchóireachta an Gharda Síochána in ann aon tuairim a sholáthar a bhaineann le himpleachtaí costais na n-imeachtaí seo ná le leordhóthanacht na réiteach atá á gcur i bhfeidhm. Mar gheall go n-éagann sainchúram an choiste reatha an 30 Aibreán, tá dualgas orainn deireadh a chur lenár dtuarascáil ar an mbonn, ag tráth na scríofa, chuir Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána tús le hobair sa limistéar agus cuirfidh sí ár gcomharbaí ar an eolas ar na torthaí.

Beartas Frithchaloise

I rith 2016, tuairiscíodh 20 cás de chalois amhrasta leis an gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí. Rinneadh imscrúdú ar na cásanna seo trí oifigigh imscrúdaithe a ceapadh ar aon dul leis an mbeartas. Thug Iniúchóireacht Inmheánach an Gharda Síochána na cásanna seo faoi deara agus déanfaidh siad tástáil i dtaobh a mhacasamhail de theagmhais le linn sannacháin iniúchta amach anseo.

Soláthar Poiblí

Lean an Coiste Iniúchóireachta le hathbhreithniú a dhéanamh ar bheartais, próisis agus nósanna imeachta sa Gharda Síochána, agus le comhairle a chur ar an gCoimisinéir faoi mar a cheanglaítear faoi alt 45 (2)(c)(i) d’Acht an Gharda Síochána, 2005. Ceanglaítear i gclár 40/02^{iv} na Roinne Airgeadais go dtugtar gach teagmhas de neamhchomhlíonadh nósanna imeachta soláthair le fios in aguisín leis an gCuntas Leithreasa. Phléigh an Coiste tuairisceán 40/02 a rinneadh le Cuntas Leithreasa 2015.

Ceisteanna eile a phléigh an Coiste Iniúchóireachta

D’fhaomh an Coiste Plean Iniúchóireachta 2016 a leag Iniúchóireacht Inmheánach amach agus rinne sé athbhreithniú ar dhul chun cinn i gcoinne an phlean seo i rith na bliana. Chomhaontaigh an Coiste ar thosaíochtaí breise agus leasaigh siad an plean i rith na bliana. Ghlac an Coiste leis na leasuithe ar an bplean a mhol an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí.

Ar an iomlán, rinne an Coiste breithniú agus faomhadh ar 15 Thuarascáil Iniúchta;

Iniúchtaí Roinne/Aonaid Speisialtóra	5
Iniúchtaí Athbhreithnithe	6
Iniúchtaí Téamacha/Trasghearrthacha	2
Tuarascáil le Coimisinéir an Gharda Síochána	
Comh-Iniúchóireacht	1

Chuir an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais agus Seirbhísí, an Coiste ar an eolas ag gach cruinniú ar fhorbairtí nua, iomaíochtaí tairisceana agus conarthaí a socraíodh. Áiríodh leis seo nuashonrú ar an bpróiseas tairisceana do sheirbhísí leighis.

Rinne an Coiste athbhreithniú ag gach cruinniú ar na Cuntais Bhainistíochta agus an staid bhuiséadta agus bhí sé sásta go raibh dea-rialuithe i bhfeidhm. Phléigh an Coiste an t-easnamh thart ar €10 milliún sa bhuiséad Párolla (A1) ónar theastaigh buiséad forlíontach ag deireadh na bliana. Tá an Coiste faoin tuairim nach bhfuil na heasnaimh struchtúracha siúd sa phróiseas buiséid bhliantúil mar thoradh ar aon easnamh i dtuar ag Bainistíocht an Gharda Síochána agus eascraíonn sé ag céim níos déanaí sa phróiseas meastachán.

Phléigh an Coiste riachtanais rialachais agus iniúchta an Chiste Slándála Inmheánaí, ar clár atá cistithe ag an AE é.

Rinneadh cur i láthair don Choiste ar na hábhair seo a leanas;

- An Clár Nuachóirithe agus Athnuachana, an tionscadal san áireamh chun an Córas Bainistíochta Maoine agus Foilseán a uasghrádú.
- Oibríochtaí Choláiste an Gharda Síochána
- An Creat Leasaithe Bainistíochta Riosca
- An Creat Nua Rialachais Chorparáidigh

Iniúchóireacht Inmheánach an Gharda Síochána

Soláthar Foirne Iniúchóireachta Inmheánaí

Tá Iniúchóireacht Inmheánach an Gharda Síochána faoi stiúir cuntasóir cáilithe atá ina chomhalta d'Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha Cairte in Éirinn.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar na leibhéil soláthair foirne agus na hinniúlachtaí laistigh d'Iniúchóireacht Inmheánach an Gharda Síochána. Tá trí fholúntas as líon foirne deichniúir fós ann ar leibhéal Sháirsint/ Oifigeach Feidhmiúcháin an Gharda Síochána. Líonadh post Cuntasóra Ghairmiúil in 2016. Aistríodh beirt chomhaltaí ar chéim Chigire agus Sháirsint ón GIAS i rith 2016 agus cuireadh daoine ina n-ionad. Mhol an GIAS do Bhainistíocht Acmhainní Daonna an Gharda Síochána, ar aon dul le beartas reatha maidir le sibhialtachú na bhfolúntas reatha gur cheart Oifigigh Feidhmiúcháin, seachas Sáirsintí Garda, iad a líonadh.

Cé gur gá glacadh leis go leanann srianta a bheith i gceist, molann an Coiste gur cheart do Bhainistíocht an Gharda Síochána leanúint le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gceist seo lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní leordhóthanacha ag an Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí chun dul i ngleic leis an méid oibre atá ag dul i méid.

Oiliúint agus Forbairt Daoine

Tugann an Coiste faoi deara gur disciplín ghairmiúil speisialaithe Iniúchóireacht Inmheánach óna dteastaíonn oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil. Thug beirt chomhaltaí foirne nua an Seoladh leis an gCúrsa Iniúchóireachta Inmheánaí leis an bhForas Riaracháin chun críche agus chríochnaigh beirt chomhaltaí foirne sinsearacha clár oiliúna d'Iniúchóirí Sinsearach le hInstitiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha in 2016.

Caighdeán Ghairmiúla a Chomhlíonadh

I Samhain 2012, sheol an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i gcomhar le Fóram na gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí (ina bhfuil na Cinn Iniúchóireachta Inmheánaí ó Ranna agus Oifigí Ranna Rialtais) Caighdeán Ghairmiúla nua chun tabhairt faoi Iniúchóireacht Inmheánach in eagraíochtaí ag a bhfuil caiteachas Vótáilte. Tá sé mar bheartas de Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána a bheith go hiomlán comhlíontach i dtaobh na gCaighdeán Ghairmiúil seo. Tá na Caighdeán seo ar fáil ag www.govacc.per.gov.ie. Chun comhlíonadh a choimeád, caithfidh comhlacht seachtrach inniúil measúnú seachtrach a dhéanamh ar Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí i gcoinne na gcaighdeán seo ar a laghad gach cúig bliana. Cuireadh tús leis an measúnú seo go déanach in 2016 agus beifear ag súil leis go mbeidh sé críochnaithe go luath in 2017.

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Chas an Coiste leis an Uasal Gerard Enright (Iniúchóir Sinsearach) agus leis an Uasal Mary Henry, Stiúrthóir Iniúchóireachta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, in Eanáir 2017, chun athbhreithniú a dhéanamh ar a dTuarascáil Bhliantúil maidir le caiteachas in 2015 agus le saincheisteanna iniúchóireachta a tháinig chun solais in 2016. Chomh maith leis sin pléadh rioscaí féideartha amach anseo agus an straitéis iniúchóireachta in 2017.

Tugann an Coiste faoi deara gur chomhaontaigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an GIAS chun oibriú níos dlúithe in 2017 agus go gcasfaidh siad lena chéile gach ráithe chun tosaíochtaí iniúchóireachta a dheimhniú agus chun torthaí a roinnt.

Leibhéal Chonartha faoi alt 45(5)(a) d'Acht an Gharda Síochána, 2005

Ceanglaítear faoi alt 45(5)(a) den Acht ar an gCoimisinéir chun an Coiste a chur ar an eolas faoi chonarthaí ina n-iontrálfar os cionn suim shonraithe airgid. Shocraigh an Coiste tairseach €5 milliún agus d'iarr sé go gcuirtear ar an eolas é ar chonarthaí a thagann faoi chuimsiú na tairsí seo a d'fhéadfadh bheith an-íogair i leith athrú aníos nó atá neamhghnách i dtaobh cineáil de. I gcomhréir le Ciorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 16/2013, ceanglaítear ar an nGarda Síochána chun creataí lánacha soláthair agus conarthaí a úsáid a bhunaigh an Oifig um Sholáthar Rialtais. Cuireadh an

Coiste Iniúchóireachta ar an eolas faoi chonarthaí atá á mbainistiú don Gharda Síochána ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Breisluch ó na Próisis Iniúchóireachta Inmheánaí in 2016

Soláthraíonn an próiseas iniúchóireachta dearbhú maidir le leorgacht na rialuithe airgeadais agus bainistíochta atá i bhfeidhm laistigh den Garda Síochána. Cuireann an Coiste comhairle ar Choimisinéir an Gharda Síochána ina ról mar Oifigeach Cuntasaíochta. Is deas leis an gCoiste a thabhairt le fios, seachas i dtaobh na saincheisteanna bainistíochta maoinne agus rialuithe airgeadais atá i gColáiste an Gharda Síochána, gur cuireadh a mholtaí i bhfeidhm, den chuid ba mhó in 2016, a chuir le feabhsúcháin ar rialuithe agus le laghdú ar riosca.

Tugann an Coiste faoi deara go léirítear sna tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí cás atá ag dul i mbun feabhais maidir le bainistíocht a dhéanamh ar Bharántais, a léiríonn an tús áite a thug Bainistíocht an Gharda Síochána don limistéar seo. Thug an Coiste faoi deara, in 2016, go ndearnadh gach saincheist iniúchta a bhí le réiteach go fóill a bhain le bainistíocht a dhéanamh ar Bharántais a íosghrádú anuas ó stádas ardriosca go dtí stádas meánriosca.

Thug an GIAS faoi iniúchtaí athbhreithnithe i rith 2016 chun stádas na moltaí a sheiceáil leis na torthaí seo a leanas:

1. Bhí 15 mholadh iniúchóireachta ardtosaíochta ann nár cuireadh i bhfeidhm (as 38 moladh, ar an iomlán) a bhaineann le rialú, bainistíocht agus taifeadadh foilseáin drugaí, maoinne agus fianaise (airgead tirim a bhí á choimeád ag Stáisiúin an Gharda Síochána ina measc) ag deireadh 2016. Ba í seo an chatagóir aonair ab airde de mholtaí iniúchóireachta nár cuireadh i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Tháinig laghdú, áfach, anuas ar an líon saincheisteanna ardriosca sa chatagóir seo anuas ó 23 ag deireadh 2015 go dtí 15 ag deireadh 2016 a thaispeánann gurb ann d'fhianaise i leith feasacht agus aird mhéadaithe ar na saincheisteanna seo. Cé gur limistéar buartha é seo go fóill, cuireann an Coiste fáilte roimh an gcaoi go bhfuil an Garda Síochána ag dul i ngleic leis an tsaincheist seo mar thosaíocht faoin gClár Nuachóirithe agus Athnuachana agus gur cuireadh tús le cur chuige céimnithe i leith na laigí rialaithe.

2. Ag gach ceann dá chruinnithe, tugtar nuashonrú cuimsitheach don Choiste maidir leis an obair atá á déanamh ag Stiúrthóireacht Airgeadais an Gharda Síochána chun barr feabhais a chur ar chomhlíonadh ceanglais soláthair phoiblí d'fhonn barr feabhais a chur ar thrédhearcacht, maoirseacht fheabhsaithe agus cuntasacht agus éifeachtúlacht níos fearr. Ar an iomlán, tá an Coiste sásta leis an dul chun cinn atá á dhéanamh. Dheimhnigh an GIAS go bhfuiltear le dul i ngleic go fóill le saincheisteanna nár réitíodh go dtí seo maidir le soláthar. Ábhar díomá, go pointe áirithe, nár cuireadh an Conradh Seirbhís Leighis a bhí á ullmhú le tamall fada, i bhfeidhm go fóill. Tuigeann an coiste, áfach, go bhfuiltear ag dul i ngleic leis na limistéir seo agus leanann feabhas ag teacht ar an staid fhoriomlan.

3. Ón obair iniúchóireachta a tugadh chun críche i rith 2016, is deas leis an gCoiste a thabhairt faoi deara go bhfuil rialú feabhsaithe á thabhairt faoi deara maidir le breoiteacht agus asláithreacht foirne eile a chur i dtaifead agus a bhainistiú. I rith 2016, rinneadh iniúchadh ar shaincheisteanna maidir le hasláithreacht fhadtéarmach agus na naisc idir an tSeirbhís Sláinte Cheirde, Acmhainní Daonna an Gharda Síochána agus an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Daonna agus Bainistíocht Áitiúil. Rinneadh moltaí maidir le straitéisí corparáideacha a thacaíonn le Comhaltaí/Foireann agus le Bainistíocht Áitiúil an Gharda Síochána ar leibhéal Roinne agus Ceantair.

Conclúid

Ba mhaith le comhaltaí an Choiste aitheantas a thabhairt don chomhoibriú agus don chúnamh a fuair siad i rith na bliana ó fhoireann an Gharda Síochána a airde le céim an Choimisinéara, an chéim sin san áireamh, agus don chúnamh a fuarthas ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Is féidir dul chun cinn a thabhairt le fios maidir le rioscaí laghdaithe ar fud na heagraíochta mar thoradh ar chur i bhfeidhm mholadh na hiniúchóireachta, faoi mar a thugtar chun solais thuas. Tugtar chun solais sna torthaí ón iniúchadh go bhfuil luach suntasach á chur le heagraíocht an Gharda Síochána ag Iniúchóireacht Inmheánach. Tá an Coiste sásta, go ginearálta, go bhfuil córais leordhóthanacha rialaithe ann ar fud na hEagraíochta. Teastaíonn aird dhlúth a thabhairt, áfach, i limistéar bainistíochta maoine agus fianaise atá

faoi sheilbh an Gharda Síochána. Molann an Coiste na tograí a rinneadh le déanaí chun dul i ngleic leis an tsaincheist, agus tugtar tús áite do phlean céimnithe faoin gClár Nuachóirithe agus Athnuachana le haghaidh athrú trasfhoirmeach agus sainaitheint na saincheiste seo ag an gCoimisinéir. Ábhar spreagtha don Choiste is ea an rath a baineadh amach maidir le bainistíocht barántas/toghairmeacha, ach molann sé gur cheart go leanfaí le haird tosaíochta a thabhairt don limistéar seo. Nuair a chuirtear an fógra meán a rinne an Gharda Síochána ag deireadh mhí an Mhárta 2017 san áireamh, áfach, sa cheist a bhain le fógraí pionós muirir sheasta, ní féidir leis an gCoiste Iniúchóireachta aon dearbhú a thabhairt maidir le FMSanna mar gheall gurb ann do 14,500 ciontú a mbeidh orthu éirí astu mar gheall ar fhadhb dhlíthiúil. Anuas air sin, nuair a chuirtear na saincheisteanna san áireamh atá ag teacht chun cinn a bhaineann le sonraí tástála anáileadáin a chur i dtaifead, tá buarthaí ar an gCoiste, chomh maith, maidir le cáilíocht sonraí ar fud an fhórsa. Iarrfaidh an Coiste ar a chomharbaí a chinntiú go ndéantar scrúdú críochnúil ar an dá cheist.

I measc na saincheisteanna eile a leanadh lena chur chun cinn agus a ndéanfar athbhreithniú breise orthu in 2017, tá nósanna imeachta soláthair a chomhlíonadh, ró-íocaíochtaí tuarastail agus pinsean a aisghabháil, an creat nua bainistíochta riosca agus dul i ngleic leis na saincheisteanna rialuithe maidir le Coláiste an Gharda Síochána.

Le bliain anuas, chaith Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána go leor ama ag dul i ngleic le saincheisteanna a bhí i gceist le fada an lá a cuireadh ar a súile. Is é an luach a bhaineann leis an gCoiste Iniúchóireachta agus le hIniúchóireacht Inmheánach ná go soláthraítear an bhainistíocht le meicníocht dhaingean neamhspleách chun tacú le fadhbanna a aimsiú go luath agus le foinse neamhchlaonta de dhearbú cáilíochta maidir leis an timpeallacht rialaithe. Ar an gcúis seo, ceanglaítear sna Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí go mbíonn coiste neamhspleách iniúchóireachta agus feidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhfuil na hacmhainní cuí aige ag gach oifigeach cuntasáíochta agus go dtacaíonn an bhainistíocht shinsearach leis an bpróiseas iniúchóireachta inmheánaí.

I ndeireadh na dála, féadfaidh a mhéid is féidir le hiniúchóireacht inmheánach cur leis an rath a bhíonn ar an eagraíocht tionchar a imirt ar an leibhéal tacaíochta a fhaightear ón mbainistíocht shinsearach.

Aithnítear é seo go soiléir sa lámhleabhar Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí a leagann an bhéim, mar is ceart, ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht iomlán agus neamhcháilithe na bainistíochta le hiniúchóireacht inmheánach.

Faoi láthair, tá an Garda Síochána ag gabháil trí phróiseas d'athrú agus d'athchóiriú suntasach. Is mian leis an gCoiste Iniúchóireachta leanúint le tacú leis an bhfórsa i rith an phróisis seo agus bheadh sé inmíoch aird a tharraingt ar na deiseanna a sholáthraíonn an próiseas seo don bhainistíocht chun a struchtúir rialachais a threisiú agus a thacaíocht a léiriú d'Iniúchóireacht Inmheánach.

Cyril Sullivan

Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta an Gharda Síochána

Dáta:

ⁱ Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí; (an Leabhar Gorm), an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2008)

. govacc.per.gov.ie/public-financial-procedures-booklet-by-section/

ⁱⁱ Reachtaíocht um Sholáthar Poiblí;

I.R. Uimh. 192/2015 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Conarthaí Údarás Áitiúil) (Nósanna Imeachta Athbhreithnithe), 2015.

I.R. Uimh. 193/2015 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bronnadh Conarthaí ag Ceangaltais Fónais) (Nósanna Imeachta Athbhreithnithe), 2015.

<https://procurement.ie/regulations-si-130-2010-european-communities-public-authorities%E2%80%99-contracts-review-procedures>

I.R. Uimh. 286 de 2016 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bronnadh Conarthaí ag Ceangaltais Fónais), 2016 Dáta Foilsithe: 2016 [Íoslódáil](#) ↓

I.R. Uimh. 284 de 2016 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bronnadh Conarthaí Údarás Áitiúil), 2016 Dáta Foilsithe: 2016 [Íoslódáil](#) ↓

I.R. Uimh. 192 de 2015 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Conarthaí Údarás Áitiúil) (Nósanna Imeachta Athbhreithnithe), 2015 Dáta Foilsithe: 2015 [Íoslódáil](#) ↓

I.R. Uimh. 193 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bronnadh Conarthaí ag Ceangaltais Fónais) (Nósanna Imeachta Athbhreithnithe) (Leasú), 2015 Dáta Foilsithe: 2015 [Íoslódáil](#) ↓

Treoir 2014/25 ón AE – Soláthar ag aonáin a oibríonn sna hearnálacha seirbhísí uisce, fuinnimh, iompair agus poist (an Treoir maidir le Fónais) Dáta Foilsithe: 2014 [Íoslódáil](#) ↓

Treoir 2014/24 ón AE – An Treoir maidir le Soláthar ón AE Dáta Foilsithe: 2014 [Íoslódáil](#) ↓

Treoir 2014/23 ón AE – Bronnadh Conarthaí Lamháltais Dáta Foilsithe: 2014 [Íoslódáil](#) ↓

ⁱⁱⁱ Cigireacht an Gharda Síochána; Samhain 2015; An Phóilíneacht in Éirinn a Athrú.

^{iv} Ceanglaítear i gCiorclán 40/02 na Roinne Airgeadais, i gcásanna eisceachtúla nach gcomhlíontar nósanna imeachta soláthair go hiomlán, sonraítear an caiteachas seo ar thuirisceán bliantúil a chuirtear ar aghaidh leis an gCuntas Bliantúil Leithreasa chuig Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.